

Bliain/Year 1	
Meán Fómhair/ Deireadh Fómhair September/ October	Ní mór dlúthinnilt a dhéanamh ar bhuaile a mbíonn scrobarnach scaipthe inti sula ngearrtar an scrobarnach. Tightly graze scrub-encroached field before cutting scrub.
Deireadh Fómhair/ Feabhra October/ February	Glan an Scrobarnach. Ní mór é seo a dhéanamh idir 1 Meán Fómhair agus 28 Feabhra, sin taobh amuigh de sheasúr neadaithe na n-éan. Má bhíonn meaisín á úsáid le fáil réidh le scrobarnach ní mór cead a fháil roimh ré ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Déan carnán den ábhar gearrtha in áit ar gearradh scrobarnach nó raitheach as, nó in áit cartaithe, nó in áit le doimhneacht fóid nó áit le féar garbh. Dóigh an brusacán nó an t-ábhar gearrtha nuair a bhíonn an aimsir feiliúnach. (Nóta: Ní mór cead roimh ré a fháil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sula dtéitear ag dó i Limistéar Caomhantais Speisialta). Ná fág brusacán ina chnán ar an láthair le briseadh síos go nádúrtha. Tosóidh an scrobarnach ag fás arís as na gais ghearrtha agus cuirfidh cosc le hathnuachan gnáthóg. Ná dóigh brusacán cóngarach do shéadchomharthaí stairiúla.
Márta/Aibreán March/April	Cuir beostoc (gabhair, capaill, asail) san áit le go n-íosfaidh siad aon scrobarnach nua atá ag athfhás. Allow livestock (goats, horses, donkeys) to browse any new scrub regrowth.
Bealtaine/ Lúnasa May/August	Gearr athfhás nó spraeáil spotai den fhás nua le luibhicíd. (Nóta: Ní mór cead roimh ré a fháil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sula n-úsáidtear luibhicíd i Limistéar Caomhantais Speisialta). Arís, i ndiaidh iad a ghearradh, dóigh na carnáin bruscaín chomh luath agus is féidir. Is féidir scrobarnach gearrtha a dhó am ar bith den bhliain ach ní mór a bheith cúramach nach scaipeann an tine. (Nóta: Ní mór cead roimh ré a fháil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sula dtéitear ag dó i Limistéar Caomhantais Speisialta). Déan innilt sciobtha ar fhásra le go bhféadfaidh beostoc aon fhásra nua scrobarnaí a ithe, gabhair, asail nó capaill is fearr lena aghaidh seo.
Bliain/Year 2	
Bealtaine/ Meitheamh May/June	Tabhair gearradh eile d'aon scrobarnach nua atá ag fás (is féidir athfhás a ghearradh taobh istigh de sheasúr neadaithe na n-éan mar nach bhfuil aon tairbhe ann d'éanacha neadaithe). Cut any new growth (regrowth can be cut during bird nesting months because it is not suitable for nesting birds).
Iúil/Lúnasa July/August	Gearr arís é nó cuir luibhicíd air (Nóta: Ní mór cead roimh ré a fháil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sula n-úsáidtear luibhicíd i Limistéar Caomhantais Speisialta). Cut or treat with herbicide (Note: any use of herbicide within an SAC requires prior consent from the NPWS).

Sa gcaoi nach mbeidh mórán scrobarnaí ar an bhfeirm tá gearradh scrobarnaí agus smachtú scrobarnaí riachtanach mar chuid lárnach de bhainistiú bliantúil na feirme.

To maintain low levels of scrub within the farm, it is necessary that scrub cutting and scrub control is an integral part of annual farm management.



Deireadh Fómhair 2014: Scrobarnach sách dlúth inabhfuil spriocspeicis scrobarnaí, driseacha & draighean. Scrobarnach athghearrtha go bliantúil.  
October 2014: Medium density scrub with target scrub species briars & blackthorn. Scrub recut annually.

Aibreán 2018: Athfhás scrobarnaí ite ag capaill agus athghearrtha.  
April 2018: Scrub regrowth grazed by horses and recut.



## Bileog Eolais AranLIFE: BAINISTIÚ SCROBARNAÍ

## AranLIFE Information Sheet: SCRUB MANAGEMENT

CURTHA LE CHÉILE LE CÚNAMH IONSTRAIM AIRGEADAIS LIFE AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH  
PRODUCED WITH THE CONTRIBUTION OF THE LIFE FINANCIAL INSTRUMENT OF THE EUROPEAN COMMUNITY



## Rudaí le cuimhniú orthu sula dtugtar faoi smachtú scrobarnaí

Ba cheart go mbeadh smachtú scrobarnaí ina chuid lárnach de bhainistiú na feirme. Is cuma cén bealach a dtugtar faoin smachtú scrobarnaí ní dhéanfaidh babhta amháin an gnó, caithfear coinneáil leis go rialta le é go gcoinneofar siar é.

Leis an scrobarnach a smachtú ceart teastaíonn bainistiú maith innilt le go stopfar ag scaipeadh é. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh neart uisce a bheith ann don bheostoc, mar sin breathnaigh ar féidir foinse uisce a chur ar fáil dóibh sula dtugtar faoin smachtú scrobarnaí.

D'fhéadfadh níos mó ná cineál amháin scrobarnaí agus raithní a bheith sna paistí scrobarnaí. Tá raitheach in ann greim a fháil chomh luath agus a ghearrtar an speiceas scrobarnaí. Is féidir raitheach a choinneáil siar ach é a ghearradh faoi dhó sa samhradh. (Breathnaigh ar an *Treoir Dea-Chleachtais - Raitheach a Choinneáil Siar*).

## Cén fáth go bhfaightear réidh le scrobarnach?

- **Laghdaíonn scrobarnach achar na ngnáthóg tábhachtach:** Íslíonn scrobarnach a scaipeann luach caomhantais tailte féaraigh cailcreacha le saibhreas magairlíne, mósáicí talamh féaraigh a bhíonn ar phábháil aolchloiche nó a mbíonn go leor magairlíne iontu mar go scáthaíonn sé iad agus go bhfaigheann an ceann is fearr ar na speicis sna tailte féaraigh.
- **Laghdaíonn scrobarnach an réimse foráiste:** Ní itheann beithigh áiteacha ina mbíonn scrobarnach adhmafach agus mar sin má bhíonn go leor scrobarnaí ar pháras talún bíonn níos lú foráiste ann don bheostoc.
- **Tras-Chomhlíonadh:** Ní thógtar talamh a bhíonn clúdaithe le scrobarnach san áireamh d'íocaíochtaí na Scéime Íocaíochta Bunúsáil.
- **An Tionchar ar speicis thábhachtacha eile:** Laghdaíonn scrobarnach achar na bhféarthailte speiceas-shaibhir agus mar sin bíonn tionchar diúltach aige ar speicis faoi chosaint a bhíonn ag brath ar an ngnáthóg sin, leithéidí Bumbóg Árann, an Cág Cosdearg agus an Fritileán Réisc.

## Considerations to think of before scrub control

Scrub control should be an integral part of the management of the farm. Whatever method of scrub control is selected, one application will not be enough and constant maintenance is necessary to control scrub levels.

For successful scrub control, good grazing management is essential to control spread. This means there must be sufficient water available for the livestock, so consider adequate provision of water before scrub control.

Scrub parcels can be composed of more than one type of scrub species and bracken. Once the scrub species is cut, bracken can dominate. Bracken can be controlled by twice cutting in summer. (See *Bracken Control - Best Practice Guide*).

## Why do we remove scrub?

- **Reduces area of important habitats:** Scrub encroached grassland reduces the conservation value of orchid-rich calcareous grassland, Limestone pavement/orchid-rich grassland mosaics by shading out and out-competing the grassland species.
- **Reduces the forage area:** Cattle do not graze areas with patches of woody scrub, so scrub encroached land reduces the amount of forage available for livestock.
- **Cross compliance:** Land covered in scrub will be ineligible for BPS payments.
- **Impact on other important species:** Scrub encroachment reduces an area of species-rich grassland and therefore has a negative impact on protected species that depend on this habitat, such as the Aran Bumble bee, Chough and Marsh Fritillary.

## Cén fáth go bhfaightear réidh le scrobarnach?

## What are the main scrub forming species on the islands?



Driseacha Briárs



Draighean Blackthorn



Coll Hazel

### Fíricí faoi Dhriseacha

- Tá péacáin in ann tosaí ag cur amach ar ghais gearrtha na ndriseacha agus as píosaí dá rútaí.
- Tá cloigeann na ngas in ann rúta a dhéanamh i dtalamh feiliúnach.
- Tá seans go n-íosaídh caoirigh agus gabhair driseacha ina gcéad bhliain fáis mura bhfuil mórán fásra eile ann.
- Ní íosaídh aon bheostoc gais adhma-dacha a bhíonn dó nó trí de bhlianta.

### Fíricí faoin Draighean

- Tá gaol ag an Draighean leis na Silíní agus tagann an bláth air roimh na duilleoga.
- Cuireann sé amach go leor meathán.
- Tar éis é a ghearradh bíonn chéad fhás na bpéacáin agus duilleoga blasta do bheostoc ar nós beithígh, capaillíní, sail, caoirigh agus gabhair.
- Cruann na dealga faoi dheireadh an chéad séasúir agus mar sin bíonn sé an-deacair é a ithe.

### Fíricí maidir le Coll

- Is tor le go leor gas é an coll agus tá sé in ann tosaí ag fás as péacáin dromchla agus as gais shraithaithe.
- Athfhásann sé as gais barrscoite nó gearrtha.

### Facts about briars

- Briars can produce shoots from cut stems and root fragments.
- Stem tips can take root when they meet suitable substrate.
- Sheep and goats may eat new shoots in first year of growth if other grazing is less available.
- No livestock will eat two/three year old woody stems.

### Facts about blackthorn

- Blackthorn is a relative of the Cherry family and the flowers appear before the leaves.
- It suckers prolifically.
- After cutting the first growth of shoots and leaves are palatable to livestock such as some cattle, ponies, donkeys, sheep and goats.
- The thorns harden by the end of the first season and this makes it very resilient to browsing.

### Facts about hazel

- Hazel is a multi-stemmed shrub and it can sprout from surface shoots and layered stems.
- It regrows from coppiced or cut stem.



Cuid de na speicis gur buntáiste dóibh an scrobarnach a bheith stoptha ag scaipeadh isteach sna tailte féaraigh speiceas-shaibhir.  
Some of the species that benefit from preventing scrub from encroaching species-rich grasslands.



## Céard iad na roghanna maidir le smachtú scrobarnaí?

## What are the scrub control options?

De bharr go bhfuil talamh garbh aolchlochach agus buailte beaga ar na hoileáin táthar teoranta ó thaobh roghanna gearradh scrobarnaí agus is uirlisí láimhe a úsáidtear nó struimeálaí. Sna háiteacha ina bhfuil ithir dhomhain gan aon leaca d'fhéadfaí meaisín a úsáid le roinnt den ghearradh a dhéanamh ach ní mórán áiteacha mar sin sna hoileáin.

Scrub cutting options on the island are limited to hand tools or strimmer, owing to the rocky terrain and small field structure. In areas with deeper soils, free from rock outcropping, some machine cutting may be possible, however in the island context these areas are rare.

### Gearradh

Is é an chéad chéim i smachtú scrobarnaí ná fáil réidh leis an ábhar adhma-dach. Ní mór é seo a dhéanamh idir 1 Meán Fómhair agus 28 Feabhra, sin taobh amuigh de shéasúr neadaithe na n-éan.

### Cutting


The first stage of scrub control is removal of the woody material. This has to be done between 1st September to 28th February, which is outside the bird nesting season.

### Uirlisí le Scrobarnach a ghearradh

Is féidir go leor uirlisí a úsáid agus teastóidh siad don obair seo.

### Scrub cutting Tools

Many tools may be used and will be necessary for this job.



Ní mór an fearas sábháilteachta cuí a chaitheamh i gcónaí ag gearradh scrobarnaí le gortú a sheachaint  
With all scrub cutting the appropriate safety equipment should be worn to prevent injury




Sular gearradh an scrobarnach - Lúnasa 2014  
Before scrub cut August 2014

I ndiaidh gearradh agus athghearradh - Lúnasa 2017  
After cutting and recutting August 2017

### Cé na speicis scrobarnaí nár cheart a ghearradh?

### What are the scrub species that should not be cut?



An Sceach Gheal  
Hawthorn

Briúlán  
Burnet rose

Aiteal  
Juniper

Cuilleann  
Holly

Feoras  
Spindle

Paide Bréan  
Buckthorn

### Ag Dó Bruscaín



Chomh luath agus a bhíonn an scrobarnach gearrtha ba cheart carnán a dhéanamh den bhruscán nó den ábhar gearrtha le é a dhó. Is fearr na carnáin bruscaín a dhó chomh luath agus is féidir mar má bhíonn siad fágtha go dtí an samhradh dár gcionn tosóidh scrobarnach ag fás arís ann, go mór mór driseacha. Ba cheart an carnán a dhéanamh ar thalamh cartaithe nó in áit inár gearradh scrobarnach nó raitheach as. Níor cheart tada a dhó gar do shéadchomharthaí stairiúla.

### Burning Brash

All brash or cut material should be piled for burning. It is best to burn brash piles at the earliest opportunity as piles that are left until the following summer will be a focus of new scrub growth, particularly briars. Cut material should be piled on areas of disturbed ground or on area of cut scrub or bracken. Burn pile sites should be kept away from any historic monuments.

### Luibhicídí

Is Gníomhaíocht óna dTeastaíonn Toiliú é a bheith ag úsáid luibhicíd i Limistéar Caomhantais Speisialta, ciallaíonn sé seo go mbíonn cead le fáil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra le luibhicíd a chur amach ar scrobarnach i LCS.

Tá baol i gcónaí ag baint le cur amach luibhicíd. Leis an mbaol a laghdú, cuireann An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Treoir an Aontais Eorpaigh i leith Úsáid Inbhuanaithe Luibhicídí i bhfeidhm agus leagan sé seo síos bunrialacha leis na rioscaí do shláinte an duine agus don timpeallacht a laghdú. Níl cead dleathach ach ag feirmeoirí agus ag conraitheoirí atá cláraithe leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara luibhicídí a úsáid mar go bhfuil an oiliúint chuí faighte acusan le iad a úsáid i gceart.

Is iad an dá chineál luibhicíd atá ann le n-úsáid ar scrobarnach ná Gliofosáit (a dhíoltar mar Roundup) nó Trichlóipir, (a dhíoltar mar Grazon 90, Garlon nó New Terbel Brushkiller). Oibríonn Trichlóipir ar phlandaí adhma-dacha ach maraíonn Gliofosáit beagnach chuide phlanda a dteagmhaíonn sé leo. Ná húsáid na ceanna a bhfuil aimíní geire atocsaláite mar ghníomhaí dromchlach iontu mar go bhfuil siad seo níos nimhiúla.

Is é an bealach is fearr le luibhicíd a úsáid ná é a chur ar an athfhás scrobarnaí tar éis dó a bheith gearrtha an chéad bhabhta. Nuair a ghearrtar coll ní mór luibhicíd a úsáid leis an athfhás a stopadh (Breathnaigh ar an mBileog Eolais faoi Luibhicídí le breis eolais a fháil) mar nach gcoinneoidh gearradh as féin siar é.

The use of herbicide within and SAC is an Activity Requiring Consent; this means you must apply to the NPWS for permission to use herbicide on scrub within the SAC.

There is always a risk associated with herbicide application. To reduce risks, DAFM (Department of Agriculture, Food and Marine) implement the European Union's Sustainable Use of Pesticides Directive (SUD) which sets minimum rules in order to reduce the risks to human health and the environment. Only farmers or contractors registered with DAFM can legally use herbicides as they have received the formal training to ensure proper use.

The two types of herbicide for use on scrub are Glyphosate (sold as Roundup) or Triclopyr. Triclopyr (sold as Grazon 90, Garlon or New Terbel Brushkiller). Triclopyr is selective to woody plants whilst Glyphosate will kill most plants it comes in contact with. Avoid using formulations containing ethoxylated tallow amines as the surfactant because they are more toxic.

The most efficient use of herbicide is to apply it to scrub regrowth following the first cut. After cutting hazel, herbicide application is necessary to prevent further hazel regrowth (See Herbicide Information sheet for more information) as recutting alone will not control hazel spread.